

GAELSCOIL EOGHAIN UÍ THUAIRISC

POLASÁI MAIDIR LE FÓN PÓCA

Má thuigtear gur gá do pháiste*fón póca a thabhairt ar scoil, is gá cloí leis an méid seo a leanas:

Má thugann páiste fón póca ar scoil, caithfidh an fón bheith múchta, i gclúdach litreach agus ainm an pháiste scríofa go soiléir air. Ba cheart go mbeadh an fón póca curtha sa bhosca lasmuigh d'oifig an rúnaí go dtí go mbeidh sé bailithe i ndiaidh na scoile nó i ndiaidh an imeachta iar-scoile. Coiméadtar an fón póca múchta go dtí go bhfuil an scoil fágtha ag an bpáiste.

Daltaí a thugann neamh-aird ar an bpolasaí seo agus a choiméadtar an fón póca, gan é a chur isteach sa bhosca, beidh ar an dalta seo an fón a thabhairt do dhuine den bhfoireann agus is féidir é a bheith bailithe ón oifig ag na tuismitheoirí seachtain níos déanaí.

Ní cheadaítear fón póca ag daltaí ar turasanna scoile nó ar ócáidí nó gníomhachtaí scoile.

Ní féidir le páistí ceamaraí a thabhairt ar scoil nó ar ócáidí nó ar gníomhachtaí scoile ach amháin le cead an mhúinteora. Ní cheadaítear gléasanna teicneolaíochta a bhfuil ceamara mar chuid díobh don chúis seo riamh (iPod, iPad srl).

Má cheapann duine den bhfoireann go bhfuil ábhar mí oiriúnach stóráilte ar fón, beidh ar an dalta gur leis an fón é a thabhairt do dhuine den bhfoireann agus iarrtar ar thuismitheoir an dalta an fón a bhailiú ón scoil.

Má cheaptar go bhfuil ábhar ar an bhfón a thugann fianaise do rud eigin mí dleathach, tugtar an fón ar aghaidh chuig na gardaí le haghaidh tuilleadh iniúchadh. Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas i gcás mar seo.

Tá an polasaí seo mar chuid de pholasaí smachta na scoile agus beidh piónós i gceist mar a bheadh dá mbeadh an cód smachta briste.

Ní ghlacann an scoil freagracht ar bith má tá fón dhalta caillte, goidte nó damáiste déanta dó, is cuma ar scoil nó ag taisteal chun na scoile nó ón scoil don pháiste.

Aon fón póca atá faighte sa scoil nó timpeall na scoile nach fios cé leis é, ba cheart go mbeadh an fón sin tugtha do dhuine den bhfoireann.

*Sa chomhthéacs seo, tá na rialacha céanna i bhfeidhm do gach foirm teicneolaíochta eile m.sh. iPod, iPad srl.

An dréacht seo: Bealtaine 2016

Dáta Athbhreithnithe: Bealtaine 2018

(Cathaoirleach)